



An Bhruiséil, 13 Iúil 2026
(OR. en)

11885/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0191 (NLE)

POLCOM 277
WTO 76
SERVICES 39
DATAPROTECT 237
TELECOM 387

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 356 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthráchtáil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 356 final.

Faoi iamh: COM(2026) 356 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
COM(2026) 356 final

2026/0191 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthrachtáil

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Ag an 11ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') i mí na Nollag 2017, chomhaontaigh grúpa de 71 chomhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, tús a chur le hobair fiosrúcháin i dtreo caibidlíocht EDT amach anseo maidir le gnéithe den ríomhthrachtáil a bhaineann le trádáil.

I mí Eanáir 2019, dhearbhaigh 77 gcomhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, i ráiteas comhpháirteach go raibh sé ar intinn acu tús a chur leis an gcaibidlíocht sin, agus d'aontaigh siad go bhféachfaidís le toradh ardchaighdeán a bhaint amach a chuirfeadh le comhaontuithe agus creataí EDT atá ann cheana le rannpháirtíocht an oiread comhaltaí EDT agus is féidir.

I mí na Nollag 2024, tar éis 5 bliana de chaibidlíocht, scaip 71 chomhalta EDT teachtaireacht inar áiríodh téacs aontaithe an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthrachtáil ('an Comhaontú') agus inar cuireadh in iúl a gcuspóir comhroinnte cinneadh a lorg ag Comhairle Ghinearálta EDT chun an Comhaontú a ionchorprú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT').

Ní raibh Comhairle Ghinearálta EDT in ann teacht ar chomhdhearcaidh maidir le hionchorprú sna seisiúin a bhí aici i mí Feabhra agus i mí na Nollag 2025. Dá bhrí sin, an 28 Márta 2026, eisíodh Dearbhú Comhpháirteach thar ceann 67 gcomhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas Eorpach, lena ndeimhnítear go bhfuil sé ar intinn acu an Comhaontú maidir le Ríomhthrachtáil a chur chun feidhme, a luaithe is féidir, faoi réir a nósanna imeachta inmheánacha riachtanacha a thabhairt chun críche. Chuige sin, cuireadh Iarscríbhinn maidir le Socruithe Eatramhacha, lena n-áirítear Foscríbhinn maidir le Nósanna Imeachta Eadrána Achomhairc, leis an gComhaontú chun go bhféadfar í a chur i bhfeidhm ar bhonn eatramhach. Leanfaidh rannpháirtithe an Chomhaontaithe de chinneadh a lorg chun an Comhaontú a chur le hIarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT. Beidh feidhm ag an gComhaontú ar bhonn eatramhach de bhun na hIarscríbhinne maidir le Socruithe Eatramhacha, go dtí an dáta a chuirfear an Comhaontú le Comhaontú EDT.

Bunófar leis an gComhaontú an chéad tacar domhanda rialacha riamh maidir leis an trádáil dhigiteach, agus leagfar síos leis bonn rialála ar ar féidir le tacar leathan tíortha oibriú chun a ngeilleagair dhigiteacha a fhorbairt agus trádáil dhigiteach intíre agus trasteorann a chur chun cinn.

Áirítear an méid seo a leanas sa Chomhaontú:

- Disciplíní éascaithe trádála a bhféadfadh trádáil dhigiteach níos rianúla a bheith mar thoradh orthu laistigh de thíortha agus thar theorainneacha araon (e.g. forálacha maidir le trádáil gan pháipéar, conarthaí leictreonacha, fiordheimhniú leictreonach agus sínithe leictreonacha).
- Forálacha chun muinín tomhaltóirí agus gnólachtaí araon as an timpeallacht trádála digití a fheabhsú (e.g. forálacha maidir le teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha gan iarraidh, cosaint tomhaltóirí ar líne, cibearshlándaíl, nó rochtain oscailte ar an idirlíon).
- Forálacha lena gcruthaítear timpeallacht trádála digití idirnáisiúnta níos iontaofa, lena n-áirítear go leanfaidh tomhaltóirí agus cuideachtaí de rochtain a bheith acu

ar an idirlíon agus ar sheirbhísí leictreonacha ar phraghsanna inacmhainne (e.g. forálacha maidir le híocaíochtaí leictreonacha nó seirbhísí teileachumarsáide).

- Toirmeasc ar dhleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha.
- Comhpháirt um fhorbairt, arb é is aidhm di rannpháirtíocht tomhaltóirí agus cuideachtaí ó thíortha i mbéal forbartha a chumasú agus a éascú sa trádáil dhigiteach.
- Eisceacht chothrománach do bhearta chun sonraí pearsanta agus príobháideacht a chosaint.

I gcomhréir le hAirteagal 29 den Chomhaontú maidir le Ríomhthrachtáil, glacfar leis an gComhaontú trí ionstraim ghlactha a thaisceadh le hArd-Stiúrthóir EDT. Tiocfaidh an Comhaontú maidir le Ríomhthrachtáil i bhfeidhm, i gcás na gcomhaltaí EDT sin a ghlac leis, an 30ú lá tar éis an dáta a thaiscfear an 45ú hionstraim ghlactha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Rinneadh an chaibidlíocht i ndlúthchomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála (Seirbhísí agus Infheistíocht) dá bhforáiltear le hAirteagal 218(3) CFAE. Tá tabhairt i gcrích fhoirmiúil na caibidlíochta ag an gComhairle ar cheann de na céimeanna is gá faoi Airteagal 218(6) CFAE chun éifeacht dhlíthiúil a thabhairt don toradh caibidlithe.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Comhaontú seo go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais Eorpaigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí substainteach**

Déantar foráil in Airteagal 207 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le comhaontuithe trádála a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích mar chuid de chomhbheartas tráchtála an Aontais.

Cumhdaítear leis an gComhaontú rialacha idirnáisiúnta maidir leis an trádáil dhigiteach.

Ós rud é gurb é is príomhchuspóir agus is príomh-chomhpháirt don Chomhaontú é trádáil dhigiteach a chur chun cinn le comhaltaí EDT, is é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach.

- **Bunús dlí don nós imeachta**

Ós rud é gurb é Airteagal 207 CFAE an bunús dlí substainteach, tá an Chomhairle leis an gcinneadh lena dtugtar an comhaontú i gcrích a ghlacadh, tar éis di toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a).

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a) CFAE, bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá beartaithe maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

- **Inniúlacht an Aontais**

Is cuid de chomhbheartas tráchtála an Aontais faoi Airteagal 207 CFAE í an trádáil dhigiteach, ar réimse é ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas de bhun Airteagal 3(1)(e) CFAE.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De réir Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir le réimsí ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas.

- **Comhréireacht**

Neamhbhainteach

- **An rogha ionstraime**

Tíolactar an togra seo le haghaidh cinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE, lena mbeartaítear go nglacfaidh an Chomhairle cinneadh lena dtabharfar i gcrích an comhaontú. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun an cuspóir a shaothraítear sa togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Neamhbhainteach

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl an Comhaontú faoi réir nósanna imeachta REFIT.

- **Ceartha bunúsacha**

Ní dhéanann an togra difear do chosaint ceart bunúsach laistigh den Aontas Eorpach.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní mheastar go mbeidh tionchar airgeadais ag an gComhaontú ar bhuiséad an Aontais.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Bunaítear leis an gComhaontú an chéad tacar riamh de rialacha bonnlíne domhanda maidir leis an trádáil dhigiteach. Is comhaontú uile-gheilleagair é lena gcumhdaítear earraí, seirbhísí agus faisnéis. Eisiatar soláthar rialtais, seirbhísí rialtais agus faisnéis atá i seilbh an rialtais ó raon feidhme an Chomhaontaithe. Is iad seo a leanas na forálacha dlíthiúla:

Déantar foráil in **Airteagal 4 maidir leis an gCreat um Idirbhearta Leictreonacha** maidir le gealltanais lena spreagtar glacadh creataí dlíthiúla lena gcaitear go cothrom le faisnéis leictreonach agus faisnéis pháipéarbhunaithe agus lena ndeonaítear aitheantas dlíthiúil d'idirbhearta agus do phróisis leictreonacha. Spreagann sé freisin úsáid dhlíthiúil agus aithint ríomhthaifead inaistrithe.

Bunaítear le h**Airteagal 5 maidir le Fíordheimhniú Leictreonach agus Ríomhshínithe** nár cheart ríomhshínithe, ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama ná ríomhsheirbhísí seachadta cláraithe a dhiúltú ar an gcúis go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach agus ar an gcúis sin amháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar roinnt modhanna fíordheimhnithe nó ríomhshínithe caighdeáin áirithe feidhmíochta a chomhlíonadh nó deimhniúchán a éileamh ó údarás creidiúnaithe atá aitheanta ag an bpáirtí. Éascaíonn sé freisin ríomh-fíordheimhniú idir-inoibritheach agus spreagann sé comhar maidir le haitheantas frithpháirteach ríomhshínithe idir na páirtithe.

Áirithítear le h**Airteagal 6 maidir le Conarthaí Leictreonacha** nach ndíulthaítear bailíocht ná in-fhorfheidhmitheacht dhlíthiúil do chonarthaí leictreonacha toisc go ndearnadh iad trí mheán leictreonach. Ní mór aon eisceacht a leagan amach i reachtaíocht ná i rialacháin.

Déantar foráil le h**Airteagal 7 maidir le Ríomhshonrascadh** go bhfuil ríomhshonraisc bailí de réir dlí. Ní mór aon eisceacht a leagan amach i reachtaíocht ná i rialacháin. Féachann sé freisin le prionsabail choiteanna agus comhar a bhunú maidir le hidir-inoibritheacht creataí ríomhshonrasctha a d'fhéadfadh cosc a chur ar chaighdeáin a bhaineann go sonrach le páirtí a bheith ina mbacainn trádála.

Féachann **Airteagal 8 maidir le Trádáil gan Pháipéar** lena áirithiú go bhfuil formhór mór na bhfoirmeacha is gá le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí ar fáil agus go nglactar leo go leictreonach.

Le h**Airteagal 9 maidir le Malartú Sonraí Ionaí Idhreachail agus Idir-inoibritheacht Córais Leictreonaigh** éascaítear glacadh ionad idhreachail leictreonach.

Le h**Airteagal 10 maidir le ríomhíocaíochtaí**, rialaítear ríomhíocaíochtaí idir na páirtithe agus cothaítear glacadh caighdeán idirnáisiúnta.

Le h**Airteagal 11 maidir le Dleachtanna Custaim ar Tharchuir Leictreonacha**, toirmisctear dleachtanna custaim a fhorchur ar tharchuir leictreonacha idir duine de chuid páirtí amháin agus duine de chuid páirtí eile, ach ní chuirtear cosc leis ar chánacha, táillí ná muirir eile inmheánacha a chur i bhfeidhm ar tharchuir den sórt sin. Déantar foráil leis an gComhaontú go ndéanfaidh na páirtithe athbhreithniú ar an Airteagal seo tar éis 5 bliana agus go mbreithneoidh siad an iomchuí aon leasú a dhéanamh.

Le h**Airteagal 12 maidir le Sonraí Oscailte Rialtais** éascaítear rochtain phoiblí ar shonraí rialtais chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, iomaíochas agus nuálaíocht a chothú.

Aithnítear in **Airteagal 13 maidir le Rochtain ar an Idirlíon don Ríomhthráchtáil agus Úsáid an Idirlín don Ríomhthráchtáil** a thábhachtaí atá rochtain ar an idirlíon agus úsáid an idirlín don ríomhthráchtáil.

Ceanglaítear le h**Airteagal 14 maidir le Cosaint Tomhaltóirí ar Líne** ar na páirtithe creataí dlíthiúla a chur i bhfeidhm lena gcosnaítear tomhaltóirí ar líne ar ghníomhaíochtaí tráchtála míthreoracha, calaoiseacha agus meabhlacha. Cuireann sé rochtain agus feasacht ar shásamh tomhaltóirí nó sásraí maidir le ceart cúitimh chun cinn freisin.

Ceanglaítear le h**Airteagal 15 maidir le Teachtaireachtaí Tráchtála Leictreonacha Gan Iarraidh** ar gach páirtí bearta a chur i bhfeidhm chun teachtaireachtaí leictreonacha tráchtála gan iarraidh a íoslaghdú.

Le h**Airteagal 16 maidir le Cosaint Sonraí Pearsanta**, tugtar gealltanais ó pháirtithe creataí dlíthiúla a chur i bhfeidhm lena ndéantar foráil maidir le cosaint sonraí pearsanta agus lena spreagtar comhoiriúnacht idir córais éagsúla cosanta sonraí.

Le h**Airteagal 17 maidir leis an gCibearshlándaíl**, éascaítear comhar, forbairt cumas náisiúnta cibearshlándaíla agus cineálacha cur chuige rioscabhunaithe i leith na cibearshlándaíla d'fhonn bacainní trádála a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú.

Le h**Airteagal 18 maidir le Trédhearcacht**, ceanglaítear ar na páirtithe gach beart a bhfuil feidhm ghinearálta aige i réimse na trádála digití a fhoilsiú go pras nó a chur ar fáil go poiblí.

Leagtar amach in **Airteagal 19 maidir le Comhar** creat chun comhar idir páirtithe a threisiú i réimsí sonracha leasa fhrithpháirtigh.

Le h**Airteagal 20 maidir le Forbairt** bunaítear sásraí chun tacú le geilleagair atá i mbéal forbartha, lena n-áirítear na tíortha is lú forbairt, i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe. Áirítear ar na sásraí sin spriocdhátaí cur chun feidhme fadaithe, cúnamh teicniúil agus fothú acmhainneachta.

Bunaítear le h**Airteagal 21 maidir le Teileachumarsáid** gealltanais ar údarais rialála teileachumarsáide agus spreagtar páirtithe leis freisin próiseas a chur i gcrích chun minicíochtaí a shannadh ar bhealach oscailte, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach do gach úsáideoir, ag brath ar chineálacha cur chuige margadhbhunaithe.

Le h**Airteagail 22 go 26 maidir le hEisceachtaí**, ionchorpraítear sa Chomhaontú na heisceachtaí ginearálta agus slándála ó GATT agus GATS, chomh maith le foráil GATS maidir le bearta stuamachta. Bunaítear leo freisin eisceacht maidir le cosaint sonraí pearsanta agus an fhéidearthacht go gcaithfí ar bhealach níos fabhraí le pobail dhúchasacha.

Tá na **socruithe institiúideacha agus na forálacha críochnaitheacha in Airteagail 27 go 38**, lena n-áirítear: nósanna imeachta um Réiteach Díospóidí a bhunú (Airteagal 27) agus Coiste um ghnéithe den Ríomhthrachtáil a bhaineann le Trádáil a chruthú (Airteagal 28).

Leagtar amach in **Airteagal 35 maidir le hAthbhreithniú** bealach do pháirtithe athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar ghealltanais chun a áirithiú go gcoinneofar an Comhaontú cothrom le dáta agus ábhartha.

Tá forálacha san **Iarscríbhinn maidir le Socruithe Eatramhacha** lena rialaítear cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe suas le dáta a ionchorpraítear in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le réiteach eatramhach díospóidí. Leis an bh**Foscríbhinn maidir le Nósanna Imeachta Eadrána Achomhairc**, bunaítear nósanna imeachta achomhairc eatramhacha.

Dá dtaiscífí ionstraim ghlactha an Aontais, cheadófaí teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe ar bhonn eatramhach do na comhaltaí EDT sin a ghlac leis, an 30ú lá tar éis dháta taiscthe an 45ú hionstraim ghlactha agus nuair a chuirfí le hIarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT í.

- **Téacs an Chomhaontaithe agus fógraí**

Cuirtear téacs an Chomhaontaithe faoi bhráid na Comhairle in éineacht leis an togra seo.

I gcomhréir leis na Conarthaí, is faoin gCoimisiún atá sé leanúint ar aghaidh le hionstraim ghlactha an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 29 den Chomhaontú a thaisceadh, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an bPrótocal a chur in iúl.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthrachtáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Ag an 11ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála ('EDT') i mí na Nollag 2017, d'aontaigh grúpa de 71 chomhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas, tús a chur le hobair fiosrúcháin i dtreo caibidlíocht EDT amach anseo maidir le gnéithe den ríomhthrachtáil a bhaineann le trádáil.
- (2) I mí Eanáir 2019, dhearbhaigh 77 gcomhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas, i ráiteas comhpháirteach go raibh sé ar intinn acu tús a chur leis an gcaibidlíocht sin, agus d'aontaigh siad go bhféachfaidís le toradh ardchaighdeán a bhaint amach a chuirfeadh le Comhaontuithe agus creataí EDT atá ann cheana le rannpháirtíocht an oiread comhaltaí EDT agus is féidir.
- (3) I mí na Nollag 2024, tar éis 5 bliana de chaibidlíocht, scaip 71 chomhalta EDT teachtaireacht inar áiríodh téacs an Chomhaontaithe maidir le Ríomhthrachtáil ('an Comhaontú') agus inar cuireadh in iúl a gcuspóir comhroinnte cinneadh a lorg ag Comhairle Ghinearálta EDT chun an comhaontú a ionchorprú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann leis an gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('Comhaontú EDT').
- (4) Ní raibh Comhairle Ghinearálta EDT in ann teacht ar chomhdhearcaidh maidir leis an gComhaontú a ionchorprú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT ag na seisiúin a bhí aici i mí Feabhra agus i mí na Nollag 2025.
- (5) An 28 Márta 2026, eisíodh Dearbhú Comhpháirteach thar ceann 67 gcomhalta EDT, lena n-áirítear an tAontas, lena ndeimhnítear go bhfuil sé ar intinn acu an Comhaontú a chur chun feidhme, a luaithis is féidir, faoi réir a nósanna imeachta inmheánacha riachtanacha a thabhairt chun críche. Chuige sin, cuireadh Iarscríbhinn maidir le Socruithe Eatramhacha, lena n-áirítear Foscríbhinn maidir le Nósanna Imeachta Eadrána Achomhairc, leis an gComhaontú chun go bhféadfar í a chur i bhfeidhm ar bhonn eatramhach go dtí go n-ionchorprófar í in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT. Ba cheart do na páirtithe sa Chomhaontú leanúint de chinneadh a

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

lorg chun an Comhaontú a chur le hIarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT². Ba cheart feidhm shealadach a bheith ag an gComhaontú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn maidir le Socruithe Eatramhacha, go dtí an dáta a chuirfear an Comhaontú le Comhaontú EDT.

- (6) Bunófar leis an gComhaontú an chéad tacar domhanda rialacha riamh maidir leis an trádáil dhigiteach, agus leagfar síos leis bonn rialála ar ar féidir le tacar leathan tíortha oibriú chun a ngeilleagair dhigiteacha a fhorbairt agus trádáil dhigiteach intíre agus trasteorann a chur chun cinn.
- (7) Leis na conclúidí ón gComhairle ag tús an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid EDT an 26 Márta 2026³, tacaítear leis an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme an Chomhaontaithe a luaithe is féidir, lena n-áirítear trína chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach.
- (8) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an [dáta na tuairime]⁴.
- (9) I gcomhréir le hAirteagal 29 den Chomhaontú, ba cheart glacadh leis an gComhaontú trí ionstraim ghlactha a thaisceadh le hArd-Stiúrthóir EDT.
- (10) Ba cheart an Comhaontú a fhorghníomhú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo an Comhaontú maidir le Ríomhthráchtáil ('an Comhaontú'). Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Ní fhorléireofar aon ní sa Phrótocal seo mar ní lena dtugtar cearta nó lena bhforchuirtear oibleagáidí is féidir a agairt go díreach i gcúirteanna an Aontais nó na mBallstát.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]

² Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Ghinearálta EDT páirt a ghlacadh sa chomhdhearcadh, i gcás ina dtiocfar air i measc chomhaltai EDT, chun an Comhaontú a ionchorprú in Iarscríbhinn 4 a ghabhann le Comhaontú EDT de bhun Chinneadh (AE) 2025/915 ón gComhairle an 25 Bealtaine 2025.

³ ST 7777/2026.

⁴ IO C [...], [...], lch. [...].